Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2017
(OR. en)

13626/17

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2013/0304 (COD)**

**CODEC 1674**
**CORDROGUE 135**
**DROIPEN 144**
**JAI 960**
**SAN 372**
**PE 84**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | **GNÍOMHARTHA REACHTACHA A GHLACADH I nDIAIDH AN DARA LÉIMH AG PARLAIMINT NA hEORPA**<br>Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus maidir le pionóis i réimse na gáinneála neamhdhleathaí ar dhrugaí<br>- Toradh an dara léimh ag Parlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, 23 go 26 Deireadh Fómhair 2017) |

## I. VÓTÁIL

Ós rud é nár glacadh aon leasú, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa go raibh seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh formheasta.

Tá téacs rún reachtach Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

## II. GNÍOMHARTHA REACHTACHA A GHLACADH I nDIAIDH AN DARA LÉIMH AG PARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh, meastar go bhfuil an gníomh i dtrácht glactha san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh na Comhairle ar an gcéad léamh, mar a fhoráiltear dó sin in Airteagal 294(7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, ag Uachtarán na Comhairle agus ag Ardrúnaithe an dá Institiúid, foilseofar an gníomh i dtrácht in *Iris Oifigiúil* an Aontais Eorpaigh.

## P8_TA-PROV(2017)0391

## Gníomhartha coiriúla agus pionóis choiriúla i réimse na gáinneála neamhdhleathaí ar dhrugaí ***II

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Deireadh Fómhair 2017 ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle chun substaintí sícighníomhacha nua a áireamh sa sainmhíniú ar "druga" agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/387/CGB ón gComhairle (10537/1/2017 – C8-0325/2017 – 2013/0304(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (10537/1/2017 – C8-0325/2017),

– ag féachaint do na tuairimí réasúnaithe a thíolaic Teach Teachtaí na Ríochta Aontaithe agus Teach Tiarnaí na Ríochta Aontaithe, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 21 Eanáir 2014[1],

– ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh[2] ar an togra ón gCoimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle (COM(2013)0618),

– ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 69f(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste  (A8-0317/2017),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. ag tabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir leis an seasamh ón gComhairle;

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

4. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a fhíoraítear go bhfuil na nósanna

---

[1] IO C 177, 11.6.2014, lch. 52.
[2] Téacsanna arna nglacadh an 17.4.2014, P7_TA(2014)0454.

imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.